Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 4 Meitheamh 2026**
**(OR. en)**

**10127/26**

**ECOFIN 736**
**UEM 214**
**SOC 324**
**EMPL 153**
**COMPET 683**
**ENV 626**
**EDUC 208**
**ENER 325**
**JAI 737**
**GENDER 64**
**JEUN 105**
**SAN 401**
***ECB***
***EIB***

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 3 Meitheamh 2026 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2026) 211 final |
| Ábhar: | Moladh le haghaidh<br>MOLADH ÓN gCOMHAIRLE<br>maidir le beartais eacnamaíocha, shóisialta, fostaíochta, struchtúracha agus bhuiséadacha na Cróite |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2026) 211 final.

---

Faoi iamh: COM(2026) 211 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 3.6.2026
COM(2026) 211 final

Moladh le haghaidh

**MOLADH ÓN gCOMHAIRLE**

**maidir le beartais eacnamaíocha, shóisialta, fostaíochta, struchtúracha agus bhuiséadacha na Cróite**

{SWD(2026) 211 final}

GA

GA

Moladh le haghaidh

**MOLADH ÓN gCOMHAIRLE**

**maidir le beartais eacnamaíocha, shóisialta, fostaíochta, struchtúracha agus bhuiséadacha na Cróite**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 121(2) agus Airteagal 148(4) de,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2024/1263 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2024 maidir le beartais eacnamaíocha a chomhordú go héifeachtach agus maidir le faireachas buiséadach iltaobhach agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1466/97 ón gComhairle ([1]), agus go háirithe Airteagal 3(3) de,

Ag féachaint don mholadh ón gCoimisiún Eorpach,

Ag féachaint do na rúin ó Pharlaimint na hEorpa,

Ag féachaint do na conclúidí ón gComhairle Eorpach,

Ag féachaint don tuairim ón gCoiste Fostaíochta,

Ag féachaint don tuairim ón gCoiste Eacnamaíoch agus Airgeadais,

Ag féachaint don tuairim ón gCoiste um Chosaint Shóisialta,

Ag féachaint don tuairim ón gCoiste um Beartas Eacnamaíoch,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Rialachán (AE) 2024/1263, sonraítear cuspóirí an chreata rialachais eacnamaíoch, creat a bhfuil sé d'aidhm aige airgeadas poiblí fónta inbhuanaithe, fás inbhuanaithe cuimsitheach agus athléimneacht a chur chun cinn trí athchóirithe agus infheistíochtaí, chomh maith le heasnaimh rialtais iomarcacha a sheachaint. Sonraítear sa Rialachán go ndéanfaidh an Chomhairle agus an Coimisiún faireachas iltaobhach i gcomhthéacs an tSeimeastair Eorpaigh i gcomhréir leis na cuspóirí agus na ceanglais a leagtar amach sa Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE). Ar na nithe atá i gceist leis an Seimeastar Eorpach, tá foirmiú na moltaí tírshonracha agus faireachas ar chur chun feidhme na moltaí sin, go háirithe.

(2) An 16 Iúil 2025, ghlac an Coimisiún an togra uaidh le haghaidh Rialachán lena mbunaítear an Ciste Eorpach um chomhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach, um thalmhaíocht agus ceantair thuaithe, um iascach agus gnóthaí muirí, um rathúnas agus um shlándáil le haghaidh na tréimhse 2028-2034 agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2023/955 agus Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509 ([2]). Is é is aidhm don togra

[1] Rialachán (AE) 2024/1263 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2024 maidir le beartais eacnamaíocha a chomhordú go héifeachtach agus maidir le faireachas buiséadach iltaobhach agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1466/97 ón gComhairle (IO L, 2024/1263, 30.4.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1263/oj).

[2] Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear an Ciste Eorpach um chomhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach, um thalmhaíocht agus ceantair thuaithe, um iascach agus

éifeachtacht an chistithe ón Aontas a mhéadú trí ilroinnt an ollstruchtúir airgeadais a laghdú agus trí thacú leis na Ballstáit a mbeartas eacnamaíoch a chomhordú i gcomhréir le hAirteagal 175.

(3) An 25 Samhain 2025 ghlac an Coimisiún tuairim maidir le dréachtphlean buiséadach na Cróite don bhliain 2026. An dáta céanna, ar bhonn Rialachán (AE) Uimh. 1176/2011, ghlac an Coimisiún Tuarascáil 2026 maidir leis an Sásra Foláirimh, tuarascáil nár shainaithin an Coimisiún inti go bhfuil an Chróit ar cheann de na Ballstáit a mbeadh grinn-athbhreithniú ag teastáil ina leith. Ina teannta sin, ghlac an Coimisiún moladh le haghaidh moladh ón gComhairle maidir le beartas eacnamaíoch an limistéir euro, moladh le haghaidh moladh ón gComhairle maidir le caipiteal daonna san Aontas Eorpach, agus togra le haghaidh Thuarascáil Chomhpháirteach ar Fhostaíocht 2026, ina ndéantar anailís ar chur chun feidhme na dTreoirlínte Fostaíochta agus phrionsabail Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta. Ghlac an Chomhairle an Moladh maidir le beartas eacnamaíoch an limistéir euro ([3]) an 21 Aibreán 2026, agus ghlac sí an Tuarascáil Chomhpháirteach ar Fhostaíocht agus an Moladh maidir le caipiteal daonna an 9 Márta 2026.

(4) An 29 Eanáir 2025 d'fhoilsigh an Coimisiún an Compás Iomaíochais, creat straitéiseach arb é is aidhm dó borradh a chur faoi iomaíochas domhanda an Aontais sna 5 bliana amach romhainn. Tá an Seimeastar Eorpach ailínithe leis an gCompás Iomaíochais, rud a áirithíonn go bhfuil beartais eacnamaíocha na mBallstát comhsheasmhach le cuspóirí straitéiseacha an Choimisiúin, ionas go bhfuil cur chuige aontaithe ann maidir le rialachas eacnamaíoch, ar cur chuige é lena gcothaítear fás inbhuanaithe, nuálaíocht agus athléimneacht ar fud an Aontais.

(5) In 2026, beidh an Seimeastar Eorpach um chomhordú an bheartais eacnamaíoch ag forbairt leis i gcomhthráth leis an gcéim dheiridh de chur chun feidhme na Saoráide Téarnaimh agus Athléimneachta ([4]). Pleananna téarnaimh agus athléimneachta, mar aon le cistiú faoin mbeartas comhtháthaithe, bhí siad ríthábhachtach maidir leis na tosaíochtaí beartais atá ann faoin Seimeastar Eorpach a bhaint amach, ós rud é gur ghá aghaidh a thabhairt go héifeachtach sna pleananna ar na dúshláin uile a sainaithníodh sna moltaí tírshonracha ábhartha a eisíodh le linn na dtimthriallacha a bhí ann le déanaí, nó ar sciar nach beag de na dúshláin sin, agus gur ghá moltaí tírshonracha a chur san áireamh sna cláir a cistíodh faoin mbeartas comhtháthaithe Eorpach. Agus an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta ag druidim le deireadh a saolré, tá sé ríthábhachtach i gcónaí na hathchóirithe agus na hinfheistíochtaí a dtacaítear leo agus a chuirtear chun feidhme faoin tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta a choinneáil ar bun, go háirithe iad siúd a rannchuidíonn ó thaobh aghaidh a thabhairt ar dhúshláin arna sainaithint sna moltaí tírshonracha.

(6) An 3 Meitheamh 2026, d'fhoilsigh an Coimisiún tuarascáil tíre 2026 maidir leis an gCróit. Rinneadh measúnú sa tuarascáil sin ar an dul chun cinn atá déanta ag an gCróit ó thaobh aghaidh a thabhairt ar na moltaí tírshonracha ábhartha agus rinneadh cur chun feidhme phlean téarnaimh agus athléimneachta na Cróite a mheas. Ar bhonn na

gnóthaí muirí, um rathúnas agus um shlándáil le haghaidh na tréimhse 2028-2034 agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2023/955 agus Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509 - COM/2025/565 final. Tá an Rialachán atá beartaithe ina ábhar caibidlíochta leis na comhreachtóirí faoi láthair.

[3] IO C, C/2026/2434, 28.4.2026, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2026/2434/oj

[4] Rialachán (AE) 2021/241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Feabhra 2021 lena mbunaítear an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta (IO L 57, 18.2.2021, lch. 17, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2021/241/oj).

hanailíse sin, sainaithníodh sa tuarascáil tíre na dúshláin is práinní atá le sárú ag an gCróit. Rinneadh measúnú inti freisin ar dhul chun cinn na Cróite ó thaobh Colún Eorpach na gCeart Sóisialta a chur chun feidhme agus ó thaobh príomhspriocanna an Aontais maidir le fostaíocht, scileanna agus laghdú na bochtaineachta a bhaint amach, mar aon leis an dul chun cinn ó thaobh Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe a bhaint amach.

(7) An 21 Eanáir 2025, tar éis an mheasúnaithe agus an mholta ón gCoimisiún, ghlac an Chomhairle Moladh lena bhformhuinítear plean fioscach-struchtúrach meántéarmach náisiúnta na Cróite ([5]). Leis an bplean, cumhdaítear an tréimhse ó 2025 go 2028 agus cuirtear i láthair ann coigeartú fioscach thar 4 bliana. Mhol an Chomhairle na huasrátaí fáis glanchaiteachais seo a leanas: 6,4 % in 2025, 4,9 % in 2026, 4,1 % in 2027 agus 3,7 % in 2028, rátaí a chomhfhreagraíonn do na huasrátaí fáis carnacha arna ríomh faoi threoir na bonnbhliana 2023, mar atá 26,2 % in 2025, 32,3 % in 2026, 37,8 % in 2027 agus 42,9 % in 2028.

(8) Is dúshlán eiseach don Aontas Eorpach é an cogadh foghach atá an Rúis a chur ar an Úcráin agus a iarmhairtí. D'iarr an Coimisiún ar na Ballstáit a iarraidh go ndéanfaí clásal éalaithe náisiúnta an Chomhshocraithe Cobhsaíochta agus Fáis a ghníomhachtú ar bhealach comhordaithe chun tacú le hiarrachtaí an Aontais méadú tapa nach beag ar chaiteachas cosanta a bhaint amach ([6]) agus ba dhíol sásaimh don Chomhairle Eorpach an togra sin an 6 Márta 2025. Tar éis iarraidh a fháil ón gCróit, ar an 8 Iúil 2025, agus ar mholadh ón gCoimisiún, ghlac an Chomhairle Moladh lena gceadaítear don Chróit imeacht ó uasrátaí fáis molta an ghlanchaiteachais ([7]). Le linn na tréimhse ina ngníomhachtófar an clásal éalaithe náisiúnta (2025-2028), beidh an Chróit in ann tosaíochtaí an chaiteachais rialtais a athrú nó ioncam rialtais a mhéadú ionas nach gcuirfí an inbhuanaitheacht fhioscach i mbaol sa mheántéarma i ngeall ar chaiteachas marthanach níos airde ar an gcosaint.

(9) An 7 Bealtaine 2026, chuir an Chróit Tuarascáil Bhliantúil 2026 ar Dhul Chun Cinn ([8]) isteach maidir le cloí leis na huasrátaí fáis glanchaiteachais a moladh agus maidir le cur chun feidhme athchóirithe agus infheistíochtaí lena bhfreagraítear do na príomhdhúshláin a sainaithníodh i moltaí tírshonracha an tSeimeastair Eorpaigh. An Tuarascáil Bhliantúil ar Dhul Chun Cinn, is léiriú freisin í ar thuairisciú débhliantúil na Cróite i ndáil leis an dul chun cinn atá déanta maidir lena plean téarnaimh agus athléimneachta a chur chun feidhme i gcomhréir le hAirteagal 27 de Rialachán (AE) 2021/241.

(10) In 2025, ba é 3,4 % a bhí san fhás fíor-OTI agus ba é 4,4 % a bhí i mboilsciú ICPT. Réamh-mheastar i Réamhaisnéis an Earraigh 2026 ón gCoimisiún go bhfásfaidh an fíor-OTI faoi 2,7 % in 2026 agus go bhfásfaidh sé faoi 2,5 % in 2027, agus go mbeidh boilsciú ICPT 4,6 % ann in 2026 agus 2,7 % in 2027.

---

[5] Moladh ón gComhairle an 21 Eanáir 2025 lena bhformhuinítear plean fioscach-struchtúrach meántéarmach náisiúnta na Cróite (IO C, C/2025/638, 10.2.2025, ELI: https://eur-lex.europa.eu/eli/C/2025/638/oj).

[6] Teachtaireacht ón gCoimisiún, 'Freastal ar chaiteachas cosanta méadaithe laistigh den Chomhshocrú Cobhsaíochta agus Fáis', an Bhruiséil, an 19 Márta 2025, C(2025) 2000 final.

[7] Moladh ón gComhairle an 8 Iúil 2025 lena gceadaítear don Chróit imeacht ó na huasrátaí fáis glanchaiteachais mar atá leagtha síos ag an gComhairle faoi Rialachán (AE) 2024/1263 (An clásal éalaithe náisiúnta a ghníomhachtú), (IO C, C/2025/3985, 20.8.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2025/3985/oj).

[8] Tá Tuarascálacha Bliantúla 2026 ar Dhul Chun Cinn le fáil ar: https://economy-finance.ec.europa.eu/economic-and-fiscal-governance/stability-and-growth-pact/preventive-arm/annual-progress-reports_ga.

(11) Ar bhonn sonraí a chuir Eurostat ar fáil ([9]), tháinig méadú ar easnamh rialtais ghinearálta na Cróite ó easnamh 2,3 % de OTI in 2024 go heasnamh 3,0 % de OTI in 2025. Den chuid is mór, léiríonn an méadú ar an easnamh in 2025 méadú ar infheistíochtaí atá maoinithe go náisiúnta, ar phá poiblí agus ar an gcaiteachas ar chúnamh sóisialta. Ar bhonn bearta beartais atá aitheanta faoi scoithdháta na réamhaisnéise, réamh-mheastar i Réamhaisnéis an Earraigh 2026 ón gCoimisiún easnamh 2,9 % de OTI in 2026 agus 2,7 % de OTI in 2027.

(12) Ar bhonn mheastacháin an Choimisiúin, maidir leis an staid fhioscach ([10]), lena n-áirítear caiteachas arna mhaoiniú go náisiúnta agus caiteachas arna mhaoiniú ag an Aontas araon, bhí staid chrapthach ann in 2025, faoi 1,6 % de OTI. Réamh-mheastar go mbeidh staid chrapthach ann in 2026 agus 2027 araon, faoi 0,3 % agus 0,9 % de OTI, faoi seach.

(13) Ar bhonn sonraí a chuir Eurostat ar fáil ([11]), tháinig laghdú ar fhiachas rialtais ghinearálta na Cróite ó 57,4 % de OTI ag deireadh 2024 go 56,3 % de OTI ag deireadh 2025. Ar bhonn bearta beartais atá aitheanta ag scoithdháta na réamhaisnéise, réamh-mheastar i Réamhaisnéis an Earraigh 2026 ón gCoimisiún go laghdóidh an cóimheas fiachais–OTI go 55,9 % faoi dheireadh 2026 agus go laghdóidh sé a thuilleadh go 55,6 % faoi dheireadh 2027.

(14) Ar bhonn shonraí Eurostat ([12]), 1,5 % de OTI a bhí i gcaiteachas iomlán rialtais ghinearálta na Cróite ar an gcosaint in 2025, rud a chomhfhreagraíonn do mhéadú 0,5 pointe céatadáin de OTI i gcomparáid leis an mbliain thagartha 2021. Ar bhonn Réamhaisnéis an Earraigh 2026 ón gCoimisiún, réamh-mheastar go mbeidh sé ag 1,6 % de OTI in 2026**,** rud a chomhfhreagraíonn do mhéadú 0,6 pointe céatadáin de OTI i gcomparáid le 2021.

(15) Tá rioscaí fós roimh an Aontas maidir le suaitheadh sa soláthar fuinnimh agus luaineacht ardaithe praghsanna, rud atá níos measa mar gheall ar theannas geopholaitiúil a dhéanann difear do mhargaí domhanda ola agus gáis. Is léir ón taithí a fuarthas ó ghéarchéim fuinnimh 2022-2023 go mbaineann costais fhioscacha mhóra le bearta leathana neamh-spriocdhírithe agus go bhfuil siad neamhéifeachtúil go sóisialta agus go heacnamaíoch. Ó thosaigh an cogadh sa Mheánoirthear i mí Feabhra 2026, tá bearta beartais fhioscaigh glactha ag an gCróit chun an tionchar atá ag praghsanna arda fuinnimh ar theaghlaigh agus ar ghnólachtaí a mhaolú ([13]). Áirítear orthu sin laghdú neamh-spriocdhírithe ar dhleacht mháil ar dhíosal atá le dul in éag an 18 Bealtaine 2026, chomh maith le tacaíocht spriocdhírithe d'iompar poiblí paisinéirí, don talmhaíocht, don iascach, don dobharshaothrú agus don tionscal dianfhuinnimh a rachaidh in éag an 30 Meán Fómhair 2026. De réir Réamhaisnéis an Earraigh 2026 ón gCoimisiún, réamh-mheastar gurb é 0,1 % de OTI a bheidh i gcostas fioscach na

---

9 Táscairí Eurostat-Euro, an 22 Aibreán 2026.

10 Sainmhínítear an staid fhioscach mar thomhas ar an athrú bliantúil ar riocht buiséadach foluiteach an rialtais ghinearálta. Is é is aidhm di measúnú a dhéanamh ar an spreagadh eacnamaíoch a eascraíonn as beartais fhioscacha, idir na cinn sin a mhaoinítear go náisiúnta agus na cinn a mhaoinítear le buiséad an Aontais. Déantar an staid fhioscach a thomhas mar an difríocht idir (i) an acmhainneacht fáis mheántéarmaigh agus (ii) an t-athrú ar chaiteachas príomhúil glan ar bhearta lánroghnacha ioncaim agus lena n-áirítear caiteachas arna mhaoiniú le tacaíocht neamh-inaisíoctha (deontais) faoin tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta agus le cistí eile an Aontais.

11 Táscairí Eurostat-Euro, an 22 Aibreán 2026.

12 Eurostat, caiteachas rialtais de réir aicmiú fheidhmeanna an rialtais (COFOG).

13 Is léiriú é sin ar an gcás ag scoithdháta Réamhaisnéis an Earraigh 2026 ón gCoimisiún (an 4 Bealtaine 2026).

mbeart sin in 2026. De réir mheastacháin an Choimisiúin, dá leanfadh na bearta sin de bheith i bhfeidhm go dtí deireadh 2026, is é 0,2 % de OTI a bheadh sa chostas fioscach a bhaineann leo sa bhliain sin.

(16) Ar bhonn ríomhanna an Choimisiúin, d'fhás an glanchaiteachas sa Chróit faoi 10,9 % in 2025 agus is fás carnach 30,1 % a bhí ann in 2024 agus 2025. Tá an fás glanchaiteachais in 2025 os cionn an uasráta fáis a moladh, ráta a chomhfhreagraíonn do dhiall 1,8 % de OTI i dtéarmaí bliantúla. Agus 2024 agus 2025 á mbreithniú le chéile, tá ráta fáis carnach an ghlanchaiteachais os cionn an uasráta fáis a mholadh freisin, ráta a chomhfhreagraíonn do dhiall 1,4 % de OTI i dtéarmaí carnacha. Agus an tsolúbthacht le haghaidh caiteachas cosanta níos airde dá bhforáiltear leis an gclásal éalaithe náisiúnta á cur san áireamh, 0,9 % de OTI atá i gceist le diall carnach an ghlanchaiteachais.

(17) Ar bhonn ríomhanna an Choimisiúin, réamh-mheastar go bhfásfaidh an glanchaiteachas sa Chróit faoi 5,7 % in 2026 agus gur fás carnach 37,5 % a bheidh ann in 2024, 2025 agus 2026. Tá an fás glanchaiteachais réamh-mheasta in 2026 os cionn an uasráta fáis a moladh, ráta a chomhfhreagraíonn do dhiall beagán os cionn 0,3 % de OTI i dtéarmaí bliantúla. Agus 2024, 2025 agus 2026 á mbreithniú le chéile, tá ráta fáis carnach réamh-mheasta an ghlanchaiteachais os cionn an uasráta fáis a mholadh freisin, ráta a chomhfhreagraíonn do dhiall 1,6 % de OTI i dtéarmaí carnacha. Agus an tsolúbthacht le haghaidh caiteachas cosanta níos airde dá bhforáiltear leis an gclásal éalaithe náisiúnta á cur san áireamh, agus 2024, 2025 agus 2026 á mbreithniú le chéile, 1,0 % de OTI atá i gceist le diall carnach réamh-mheasta an ghlanchaiteachais.

(18) Sna blianta amach romhainn, beidh an t-airgeadas poiblí faoi bhrú méadaitheach ó riachtanais chaiteachais atá ag dul i méid maidir le hinfheistíochtaí táirgiúla, aosú an daonra, oiriúnú don athrú aeráide, cosaint, an dá aistriú, agus tosaíochtaí iomaíocha eile. Ar an gcúis sin, tá údar maith ag an gCróit cáilíocht agus éifeachtúlacht an chaiteachais phoiblí a fheabhsú agus tosaíocht a thabhairt d'infheistíochtaí spreagtha fáis, lena n-áirítear ar an leibhéal áitiúil. Cé go bhfuil dul chun cinn déanta ag an gCróit maidir lena creat fioscach a neartú, lena n-áirítear trí aonad athbhreithnithe caiteachais a bhunú laistigh den Aireacht Airgeadais in 2022, tá raon feidhme agus trédhearcacht na n-athbhreithnithe caiteachais teoranta go fóill. Aithnítear athbhreithnithe caiteachais mar uirlis úsáideach chun gnóthachain éifeachtúlachta agus forluí idir cláir a shainaithint agus d'fhéadfaí an coigilteas a dhéantar mar thoradh air sin a ath-leithdháileadh chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin fhioscacha nua atá ag teacht chun cinn, ar nós na ndúshlán a chuirtear i dtábhacht thuas. Is earnálacha iad earnáil na sláinte agus earnáil an oideachais ina bhféadfadh an Chróit an úsáid a bhaintear as athbhreithnithe caiteachais a leathnú, ós rud é go bhfuil an caiteachas iontu sách ard, ach go bhfuil na torthaí níos ísle i gcomparáid leis na Ballstáit piaraí. Tá údar freisin le hathbhreithniú cuimsitheach a dhéanamh ar bhainistiú lucht saothair an riaracháin phoiblí, i bhfianaise an mhéadaithe atá ag teacht ar an bhfostaíocht phoiblí mar aon le tearclíon foirne leanúnach i bhfeidhmeanna criticiúla an rialtais láir. Tugtar le fios leis sin leithdháileadh neamhéifeachtach acmhainní a bhféadfaí aghaidh a thabhairt air trí optamú spriocdhírithe an lucht saothair agus trí athdháileadh straitéiseach. Tá cumhdach árachais íseal ar an iomlán ag an gCróit maidir le rioscaí aeráide freisin. Mar gheall air sin, deonaítear cúiteamh ar bhonn *ad hoc*. Chun cistiú leordhóthanach a áirithiú a thuilleadh, d'fhéadfadh an Chróit rioscaí fioscacha a bhaineann leis an aeráid a chomhtháthú a thuilleadh sa phleanáil bhuiséadach.

(19) Le tabhairt isteach an ríomhshonrasctha shainordaithigh i mí Eanáir 2026 faoi athchóiriú Fhioscaithe 2.0 agus le haistriú digiteach leanúnach an riaracháin cánach,

rannchuideofar leis an gcomhlíonadh cánach a fheabhsú agus leis an scáthgheilleagar a laghdú, agus tá treochtaí dearfacha le feiceáil cheana féin i sonraí R1 2026. An tráth céanna, ligeann an Chróit méid nach beag ioncaim thar ceal mar gheall ar chaiteachas cánach, méid arbh ionann é agus os cionn 4 % de OTI in 2023. Thairis sin, ní bhíonn caiteachais chánach éifeachtach i gcónaí chun na cuspóirí beartais atá beartaithe dóibh a shaothrú. Mar shampla, is cosúil gur mó a téann caiteachas ar cháin ioncaim phearsanta, an liúntas teaghlaigh go háirithe, chun tairbhe do shaothraithe ioncaim ar phá ard. Is féidir le caiteachas cánach breisluacha (CBL) a bheith neamhéifeachtúil agus dírithe go dona ar neamhionannas a laghdú, mar shampla tá tionchar cúlchéimnitheach ag an ráta laghdaithe CBL d'óstáin agus do bhialanna go háirithe. Ar deireadh, is féidir le coinníollacha casta an bonn a bhaint d'éifeachtacht an chaiteachais cánach corparáide, rud a léiríonn go bhfuil raon feidhme ann caiteachas cánach áirithe agus a riarachán a shimpliú. Thairbheodh an Chróit d'athbhreithniú cuimsitheach ar chaiteachas cánach chun na cinn sin nach mbaineann amach a gcuspóirí beartais beartaithe a shainaithint agus a athdhearadh, lena n-áirítear athdháileadh ioncaim nó dreasachtaí comhshaoil.

(20) D'fhéadfadh an Chróit éifeachtacht agus forchéimnitheacht an chórais cánach a fheabhsú ar bhonn níos leithne, lena n-áirítear trí dhearadh an chánachais maoine a neartú. Rinneadh bearta tábhachtacha le hathchóirithe a rinneadh le déanaí ar chánachas maoine dochorraithe. Mar sin féin, tá raon feidhme an chreata atá ann faoi láthair teoranta fós, ós rud é nach bhfuil feidhm aige ach maidir le maoine folmha agus tánaisteacha agus go bhfuil sé bunaithe den chuid is mó ar shuíomh agus ar mhéid seachas ar luach margaidh. Dá dtabharfaí isteach comhpháirt mhargadhbhunaithe agus dá leathnófaí an bonn cánach de réir a chéile chun raon níos leithne maoine a chumhdach, agus aird chuí á tabhairt ar chumas na gcáiníocóirí íoc, rannchuideofaí le hioncam a mhéadú agus leithdháileadh níos cothroime agus níos éifeachtúla an ualaigh cánach a áirithiú. Neartófaí freisin dreasachtaí chun teaghaisí gan chónaí a thabhairt isteach sa mhargadh tithíochta.

(21) Rannpháirtíocht chórasach fhóinteach thráthúil na n-údarás áitiúil agus réigiúnach, na gcomhpháirtithe sóisialta, na sochaí sibhialta agus na bpáirtithe leasmhara ábhartha eile, tá sí sin ríthábhachtach i gcónaí maidir le húinéireacht leathan a áirithiú i leith chur chun feidhme rathúil ionstraimí cistiúcháin an Aontais, agus i gcomhthéacs an tSeimeastair Eorpaigh.

(22) Sa Chróit, an luas atá faoi chur chun feidhme chláir an bheartais comhtháthaithe, rud a chuimsíonn tacaíocht ó Chiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa (CFRE), ón gCiste um Aistriú Cóir (CUAC), ó Chiste Sóisialta na hEorpa Plus (CSE+), agus ón gCiste Comhtháthaithe (CC), is luas é atá chun tosaigh ar mheánluas cur chun feidhme an Aontais, i gcás roghnú tionscadal agus íocaíochtaí araon. Tá sé tábhachtach an dlús atá ann faoi láthair a choinneáil ar bun, agus tionchar na n-infheistíochtaí ar an láthair a uasmhéadú an tráth céanna. Tá an Chróit ag gníomhú cheana féin faoina cláir beartais chomhtháthaithe chun borradh a chur faoin iomaíochas agus faoin bhfás. Mar sin féin, d'fhéadfadh sé gur ghá roinnt réimsí a neartú a thuilleadh, lena n-áirítear iad siúd a bhaineann le cuimsiú sóisialta, dí-institiúidiú, dícharbónú an iompair agus cur in úsáid fuinnimh in-athnuaite, chomh maith leis an ngeilleagar ciorclach. An tráth céanna, ní mór don Chróit dlús a chur le cur chun feidhme CUAC toisc go bhfuil acmhainní le heisíoc faoi dheireadh 2026. Na hinfheistíochtaí nua a shainaithin an Chróit ina hathbhreithniú meántéarma ar chistí an bheartais chomhtháthaithe, go háirithe na hinfheistíochtaí sin a bhaineann leis na cúig thosaíocht a sainaithníodh sa Rialachán

maidir leis an Athbhreithniú Meántéarma ([14]), tá sé ríthábhachtach a áirithiú go ndéanfar iad a chur in úsáid go tapa agus go héifeachtach.

(23) Tá dúshláin roimh an gCróit maidir leis an iliomad réimsí idirnasctha, lena n-áirítear earnáil ilroinnte taighde agus nuálaíochta poiblí, struchtúir chasta rialachais, agus timpeallacht ghnó a ndéanann ualaí rialála, próisis fhada cheadúcháin, agus na tréimhsí íocaíochta gnólacht le gnólacht is faide san Aontas difear di. Tá an bonneagar digiteach i gceantair thuaithe agus oileánacha chun deiridh ar mheán an Aontais. Tá an dul chun cinn maidir leis an ngeilleagar ciorclach, athchóiriú foirgneamh, agus leathadh amach an fhuinnimh in-athnuaite teoranta i gcónaí, agus é níos measa fós mar gheall ar nósanna imeachta riaracháin ilroinnte. Ó thaobh na sochaí de, tá an bhochtaineacht agus an neamhionannas ioncaim fós ard, tá ganntanas saothair agus scileanna fós ann ar fud na n-earnálacha, tá an rochtain ar chúram sláinte míchothrom, i gceantair thuaithe go háirithe, agus tá inacmhainneacht tithíochta ina hábhar imní go fóill, i gcathracha móra agus i réigiúin chósta go háirithe.

(24) Leanann feidhmíocht taighde agus nuálaíochta (T&N) na Cróite de bheith ag feabhsú, ach cuireann dúshláin struchtúracha leanúnacha, an earnáil phoiblí T&N atá an-ilroinnte go háirithe, bac ar an dul chun cinn. I ngeall go bhfuil líon mór de na heintitis sin ann, caolaítear acmhainní agus cuirtear bac ar an gcomhar, rud a fhágann go bhfuil aschuir taighde níos ísle agus raon feidhme laghdaithe ann le haghaidh comhair idir an gnó agus an lucht acadúil agus le haghaidh an aistrithe teicneolaíochta. Tá rialachas an chórais T&N casta fós, agus tá freagrachtaí beartais scaipthe ar fud eintitis éagsúla, rud a chruthaíonn dúshláin don phleanáil agus don chur chun feidhme. Cé go bhfuil athchóirithe á gcur chun feidhme ag an gCróit faoin bplean téarnaimh agus athléimneachta chun líon na n-institiúidí taighde poiblí a laghdú, bheadh tairbhe le baint as méadú a dhéanamh ar raon feidhme, uaillmhian agus luas chur chun feidhme na n-iarrachtaí sin. Tá éagothromaíochtaí réigiúnacha fós ann i dtéarmaí fheidhmíocht T&N, agus is i Ságrab a dhéantar formhór na ngníomhaíochtaí T&N, agus chuideodh tacaíocht thiomnaithe do mhoil réigiúnacha roghnaithe, lena n-áirítear nasc láidir leis an trasdul tionsclaíoch, leis an bhfeidhmíocht i réigiúin eile a fheabhsú. Tá leibhéal an chaiteachais phoiblí ar T&F mar sciar de OTI fós faoi bhun mheán an Aontais agus níl aon bhorradh faoi le blianta beaga anuas. Tá sciar an chaiteachais gnó le haghaidh T&F agus glacadh scéimeanna nuálaíochta arna dhéanamh ag gnólachtaí i bhfad faoi bhun mheán an Aontais chomh maith, i réigiúin áirithe go háirithe, rud a chuireann le feidhmíocht fho-optamach agus táirgiúlacht íseal san earnáil monaraíochta. Tá tacaíocht phoiblí do T&F in earnáil an ghnó teoranta agus ilroinnte, agus tá líon íseal gníomhaíochtaí aistrithe teicneolaíochta ann fós.

(25) Is bainc is mó a thacaíonn le tírdhreach maoiniúcháin na Cróite fós, agus i gcomparáid leis sin is lú an ról atá ag maoiniú margadh-bhunaithe, lena n-áirítear coigilteas teaghlaigh trí mhargaí caipitil, i maoiniú gnólachtaí mar gheall ar na leibhéil rannpháirtíochta miondíola dírí a bheith íseal go fóill, d'ainneoin roinnt móiminteam dearfach le déanaí, lena n-áirítear TTPanna rathúla ar Stocmhalartán Shágraib agus spéis infheisteoirí miondíola in urrúis rialtais. Ról teoranta atá ag infheisteoirí institiúideacha intíre, amhail cistí pinsin agus árachóirí, maidir le gnólachtaí nuálacha a mhaoiniú. Cuireann méid sách beag agus leachtacht na margaí caipitil intíre agus caipiteal fiontair agus cistiú cothromais phríobháidigh atá ag fás ach atá teoranta leis

[14] Rialachán (AE) 2025/1914 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Meán Fómhair 2025 lena leasaítear Rialacháin (AE) 2021/1058 agus (AE) 2021/1056 a mhéid a bhaineann le bearta sonracha chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin straitéiseacha i gcomhthéacs an athbhreithnithe meántéarma.

an mbearna mhaoiniúcháin do ghnólachtaí nuálacha. Le hathchóirithe faoin bplean téarnaimh agus athléimneachta, lena n-áirítear an creat straitéiseach d'fhorbairt na margaí caipitil, féachtar le héagsúlú roghanna maoiniúcháin a chur chun cinn. Tá gá le tuilleadh dul chun cinn chun borradh a chur faoi rannpháirtíocht infheisteoirí miondíola sa mhargadh caipitil trí litearthacht airgeadais fheabhsaithe agus táirgí infheistíochta níos inrochtana, feabhas a chur ar thimpeallacht an chaipitil fiontair agus an chothromais phríobháidigh, lena n-áirítear rannpháirtíocht infheisteoirí institiúideacha a dhreasú, agus tarraingteacht an stocmhalartáin agus an timpeallacht fhoriomlán infheistíochta a fheabhsú trí rialachas corparáideach níos fearr do chuideachtaí liostaithe.

(26) Mar a leagtar amach sa Chompás Iomaíochais, ní mór do na hinstitiúidí Eorpacha, náisiúnta agus áitiúla uile iarracht mhór a dhéanamh rialacha níos simplí a chur ar fáil agus dlús a chur le luas na nósanna imeachta riaracháin. Tá spriocanna uaillmhianacha leagtha síos ag an gCoimisiún chun an t-ualach riaracháin a laghdú: 25 % ar a laghad i gcás gach cuideachta agus 35 % ar a laghad i gcás FBManna. Tá uirlisí nua cruthaithe aige freisin chun na spriocanna sin a bhaint amach, lena n-áirítear tástáil struis chórasach ar stoc reachtaíocht an Aontais agus idirphlé feabhsaithe le páirtithe leasmhara. Sa Chróit, tuairiscítear gur srian ag 66 % de chuideachtaí í castacht na nósanna imeachta riaracháin agus iad i mbun gnó sa Chróit. Tá dúshláin struchtúracha fós ag cur isteach ar thimpeallacht ghnó na Cróite, agus tá ganntanas saothair agus scileanna, castacht rialála, agus neamhéifeachtúlachtaí riaracháin mar a bheadh srianta móra ar an infheistíocht agus ar an bhfás. Tá ualach ar leith fós ag baint le próisis cheadúnúcháin agus amlínte fada ann le haghaidh ceadanna tógála agus comhshaoil, lena n-áirítear le haghaidh tionscadail tógála gléasraí agus dícharbónaithe sa tionscal monaraíochta, mar aon le nósanna imeachta ilroinnte ar fud na n-údarás agus idir-inoibritheacht theoranta clárlann digiteach. Tá íocaíochtaí déanacha idir gnólachtaí tar éis dul in olcas, agus is ag an gCróit atá an mheántréimhse íocaíochta gnólacht le gnólacht is faide san Aontas. Is céimeanna suntasacha chun cinn iad na bearta sa phlean téarnaimh agus athléimneachta chun an riarachán poiblí a dhigiteáil, an iomaíocht a chur chun cinn agus nósanna imeachta a shimpliú. Mar sin féin, ba thairbheach an rud é méadú a dhéanamh ar raon feidhme, uaillmhian agus luas an tsimplithe rialála agus an nuachóirithe riaracháin.

(27) Tá gá le tuilleadh dul chun cinn freisin maidir le héifeachtúlacht an chórais ceartais, ós rud é go bhfuil imeachtaí i gcúirteanna sibhialta agus tráchtála fós i measc na n-imeachtaí is faide san Aontas. Le blianta beaga anuas, tá dul chun cinn déanta ag an gCróit maidir le hathchóirithe agus infheistíochtaí, lena n-áirítear athchóirithe agus infheistíochtaí maidir le digiteáil an cheartais, rud a dtacaíonn an plean téarnaimh agus athléimneachta leis go mór. Mar sin féin, tá an Chróit fós i measc na mBallstát a bhfuil an riaráiste agus an fad is suntasaí acu ó thaobh cásanna sibhialta agus tráchtála de. Ós rud é go mbíonn tionchar aige sin ar an timpeallacht ghnó agus ar an iomaíochas, ba thairbheach an rud é dá leanfadh an Chróit d'fheabhas a chur ar an éifeachtúlacht maidir le cásanna cúirte sibhialta agus tráchtála a réiteach, go háirithe trí athchóirithe breise a chur chun feidhme, lena n-áirítear trí athchóirithe bainistithe cásanna a d'fhéadfadh a bheith ann.

(28) Déanann ilroinnt chríochach na Cróite difear d'éifeachtúlacht a riaracháin phoiblí agus cuireann sí leis na héagothromaíochtaí réigiúnacha. Tá éagothroime idir freagrachtaí agus acmhainní, chomh maith idir an acmhainneacht riaracháin agus airgeadais ar an leibhéal áitiúil chun cistiú a ghlacadh agus seirbhísí ardcháilíochta a sholáthar. Cuireann sé sin le cáilíocht mhíchothrom na seirbhísí poiblí a sholáthraítear agus

ardaíonn sé costais riaracháin toisc nach bhfuil acmhainní leordhóthanacha airgeadais agus riaracháin ag go leor rialtais áitiúla bheaga chun seirbhísí a sholáthar. Cé gur sholáthar bearta faoin bplean téarnaimh agus athléimneachta dreasachtaí airgeadais chun cumaisc aonad rialtais áitiúil a spreagadh, tá glacadh na ndreasachtaí sin fós dírithe den chuid is mó ar chumaisc feidhmeanna, agus is teoranta fós an tionchar ar chumaisc iarbhír. Ba thairbheach an rud é raon feidhme na ndreasachtaí a mhéadú, in éineacht le céimeanna reachtacha a d'fhéadfadh a bheith ann chun glacadh cumasc iarbhír a áirithiú. Thairis sin, trí na hiarrachtaí ar an leibhéal náisiúnta a aistriú go dtí an leibhéal áitiúil, amhail córas trédhearcach luacha saothair a thabhairt isteach chomh maith le hearcaíocht agus ardú céime atá bunaithe ar inniúlachtaí, d'fhéadfaí feabhas a chur ar cháilíocht na seirbhísí poiblí.

(29) Tá an clúdach leathanbhanda i gceantair thuaithe agus oileánacha chun deiridh ar mheán an Aontais. Cé gur thit an sciar de ghnólachtaí na Cróite a luann gur bacann é an bonneagar digiteach go 36 % in 2025, tá an cumhdach líonra fíor-ardacmhainneachta (78,9 %) agus an cumhdach líonra fíor-ardacmhainneachta tuaithe (49,1 %) fós faoi bhun mheáin an Aontais, 82,5 % agus 61,9 %, faoi seach. Tá bearna mhór fós ann maidir le cábla snáthoptaice go háitreabh faoin tuath, ag ráta 44,4 %, ráta atá fós i bhfad faoi bhun mheán 58,8 % an Aontais, agus maidir leis an gcumhdach 5G lárbhanda, nach sroicheann ach 8,5 % i gceantair thuaithe i gcomparáid le 26,2 % san Aontas. Cuireann céimeanna ar gcúl maidir le tionscadail a chur chun feidhme i ndáil le bonneagar leathanbhanda agus aisiompair do lonnaíochtaí tuaithe agus fo-uirbeacha, mar aon leis an mbearna chistiúcháin agus scrogaill struchtúracha atá fós ann, amhail nósanna imeachta casta ceadúnúcháin, srianta pleanála spásúlachta, agus saincheisteanna bonneagair leagáide gan réiteach, moill ar an aistriú digiteach.

(30) In 2025, bhí an séú praghas mórdhíola leictreachais is airde san Aontas ag an gCróit, rud a chuir bac ar an iomaíochas costais, ar an dícharbónú agus ar an leictriú. Tá fás mór tagtha ar an toilleadh grianfhuinnimh suiteáilte, ach tá sciar an ghrianfhuinnimh sa ghiniúint leictreachais fós íseal, níos lú ná 8 %. I bhfianaise an mhéid sin, d'fhéadfaí cuidiú chun praghsanna arda mórdhíola leictreachais a laghdú ach toilleadh nua fuinnimh in-athnuaite agus réitigh solúbthachta neamh-iontaise a leathadh amach ar dhóigh níos tapúla. An 27 Aibreán 2026, ghlac údarás rialála fuinnimh na Cróite táillí nasctha eangaí cothrom le dáta, rud a d'fhéadfadh dlús a chur le cur in úsáid fuinnimh in-athnuaite. D'fhéadfadh tacaíocht bhreise do chur in úsáid fuinnimh in-athnuaite, lena n-áirítear hidrigin ghlas, cuidiú le déine ard astaíochtaí gás ceaptha teasa thionscal na Cróite a laghdú, go háirithe má dhéantar sin mar chuid de thacar comhleanúnach beart dícharbónaithe tionscail lena n-áirítear, i measc bearta eile, gabháil agus stóráil carbóin agus cur chun cinn an éilimh ar tháirgí tionsclaíocha ísealcharbóin. Beidh tábhacht mhór le hinfheistíocht mhéadaithe san eangach leictreachais lasmuigh de na hinfheistíochtaí a áirítear i bplean téarnaimh agus athléimneachta na Cróite chun glacadh fuinnimh in-athnuaite a chur chun cinn sa Chróit. Sa ghearrthéarma, beidh gá le bearta chun tionscadail stórála hibrideacha agus fuinnimh in-athnuaite a dhreasú. Faoi 2024, bhí méadair chliste suiteáilte ag 34 % de thomhaltóirí teaghlaigh, méid atá i bhfad níos ísle ná sprioc 80 % an Aontais. Chun bheith in ann leas iomlán a bhaint as glacadh méadaithe an fhuinnimh in-athnuaite, beidh gá le cistiú suntasach chun méadair chliste a leathadh amach thar na bearta atá sa phlean téarnaimh agus athléimneachta, chomh maith le conarthaí dinimiciúla, chun tomhaltóirí a chumhachtú agus chun freagairt don éileamh a chothú. Rinneadh bearta teoranta chun nósanna imeachta riaracháin le haghaidh fuinneamh in-athnuaite a chuíchóiriú mar chuid den Acht um Fhoinsí Fuinnimh In-athnuaite in 2025, ach tá nósanna imeachta ceadaithe agus nasctha eangaí ilroinnte go fóill agus, i gcásanna

áirithe, tá siad doiléir. D'fhéadfadh cuíchóiriú breise ar cheadú agus ar nascadh leis an eangach cuidiú freisin le córais fhótavoltacha i bhfoirgnimh ilárasán agus i bpobail fuinnimh a chur i bhfeidhm de réir a chéile, ós rud é go bhfuil an glacadh fós suarach agus go bhfuil na nósanna imeachta anásta.

(31) Tá gá le bearta éifeachtúlachta fuinnimh chun an móiminteam dearfach a cruthaíodh le creat an chistithe ón Aontas a choinneáil ar bun agus chun dlús a chur leis an dul chun cinn i dtaca leis an méid seo a leanas: (i) athchóiriú foirgneamh; (ii) soláthar tithíochta atá tíosach ar fhuinneamh, go háirithe tithíocht inacmhainne agus tithíocht shóisialta; agus (iii) teaschaidéil agus réitigh eile níos éifeachtúla níos glaise a chur in ionad coirí gáis agus ola. Mar sin féin, tá gá le hiarrachtaí méadaithe sa bhreis ar chistiú ón Aontas chun na spriocanna dícharbónaithe foirgneamh a bhaint amach, i bhfianaise an sciar mhóir den stoc foirgneamh a bhfuil athchóiriú fós ag teastáil ina leith, go háirithe maidir le foirgnimh ilárasán. Saothraítear cláir athchóirithe trí dheontais go príomha, rud a fhágann bearna nach beag infheistíochta príobháidí, rud a chuireann le coigilteas teoranta fuinnimh chónaithe idir 2019 agus 2024. Dá bhrí sin, tríd an spleáchas foriomlán ar dheontais a laghdú agus trí aistriú chuig ionstraimí airgeadais, is féidir tionchar na gcistí poiblí a uasmhéadú, agus ba cheart tacaíocht deontais a dhíriú ar bhealach níos fearr ar na teaghlaigh is leochailí agus ar fhoirgnimh atá neamhéifeachtúil ó thaobh fuinnimh de.

(32) Is é an t-iompar de bhóthar an modh iompair is mó a úsáidtear sa Chróit do phaisinéirí agus do lasta araon, agus tá méadú 42 % tagtha ar na hastaíochtaí uaidh ó bhí 2005 ann, ceann de na méaduithe is mó san Aontas. Tacaíonn athchóirithe agus infheistíochtaí faoi phlean téarnaimh agus athléimneachta na Cróite agus faoin mbeartas comhtháthaithe cheana leis an mbonneagar iarnróid a nuachóiriú, an t-iompar glas a chur chun cinn, agus córais iompair chliste a chur in úsáid. Mar sin féin, tá gá fós le hiarrachtaí leanúnacha. Tríd an mbonneagar iompair agus an rothstoc iarnróid a nuachóiriú, úsáid an iompair phoiblí a mhéadú agus é a ghlasú a thuilleadh, modhanna éagsúla iompair a chomhtháthú i gceantair uirbeacha, an tsoghluaisteacht ghníomhach a chur chun cinn, córais iompair chliste a chur i bhfeidhm, is féidir rannchuidiú go mór le dícharbónú na hearnála iompair, an spleáchas ar bhreoslaí iontaise a laghdú agus truailliú aeir i lárionaid uirbeacha a laghdú. Dá ndéanfaí glacadh feithiclí astaíochtaí nialasacha a chur chun cinn, lena n-áirítear trí dhreasachtaí cánachais spriocdhírithe do ghluaisteáin chuideachta agus trí bhonneagar luchtaithe a neartú i gceantair uirbeacha chun go mbeidh sé ag feidhmiú ar bhealach níos fearr, inacmhainne agus inrochtana, d'fhéadfaí cuidiú le sciar na bhfeithiclí leictreacha a mhéadú, sciar a bhí fós ar cheann de na sciartha is ísle san Aontas in 2025. In 2024, bhí an sciar is ísle go mór ag an gCróit d'fhuinneamh in-athnuaite san iompar san Aontas, tar éis laghdú in 2022 mar gheall ar rialacha maidir le bithbhreoslaí lenar laghdaíodh pionóis do sholáthróirí breosla as gan bithbhreoslaí a chumasc i mbreoslaí iompair. Chuaigh an laghdú sealadach sin ar phionóis in éag i mí Eanáir 2026, agus meastar go gcuideoidh sin le dul siar ar an laghdú a tháinig le déanaí ar sciar an fhuinnimh in-athnuaite san iompar. Maidir le fóirdheontais breosla iontaise nach dtugann aghaidh ar an mbochtaineacht fuinnimh ar bhealach spriocdhírithe ná ar fhíorábhair imní maidir le slándáil fuinnimh, a chuireann bac ar leictriú agus nach bhfuil ríthábhachtach don iomaíochas tionsclaíoch, d'fhéadfaí iad a mheas mar thosaíocht chun deireadh a chur leo de réir a chéile. Sa Chróit, na fóirdheontais breosla iontaise, lena n-áirítear an chaidhp phraghais éigeandála a forchuireadh arís ar tháirgí peitriliam agus a tugadh isteach i mí an Mhárta 2026 do stáisiúin seirbhíse seach-mhórbhealaigh**,** chomh maith le haisíocaíochtaí páirteacha dleachtanna máil ar dhíosal san iompar tráchtála, tá siad neamhéifeachtúil ó thaobh an gheilleagair de, buanaíonn siad spleáchas ar bhreoslaí

iontaise agus dídhreasaíonn siad leictriú agus an t-aistriú chuig feithiclí astaíochtaí nialasacha agus chuig réitigh inbhuanaithe eile.

(33) I bhfianaise a neamhchosanta atá sí ar rioscaí a bhaineann leis an aeráid agus a dtionchair eacnamaíoch atá ag dul i méid, thairbheodh an Chróit freisin de chur chun feidhme tapa, comhordú níos fearr agus faireachán córasach ar bheartais maidir le hoiriúnú don athrú aeráide agus maidir le bainistiú inbhuanaithe uisce, ar fud earnálacha agus leibhéal, bunaithe ar infheistíochtaí dúlrabhunaithe agus aeráid-díonacha i mbonneagar straitéiseach/criticiúil, lena n-áirítear i limistéir chósta agus oileánacha. Ós rud é go bhfuil an cumhdach árachais in aghaidh teagmhais a bhaineann leis an aimsir agus teagmhais a bhaineann leis an aeráid fós ar cheann de na cumhdaigh is ísle san Aontas ag thart ar 2 %, is gá dreasachtaí níos láidre a chruthú le haghaidh árachas riosca aeráide, maidir le tuilte agus dóiteáin go háirithe.

(34) Tá an dul chun cinn i dtreo geilleagar ciorclach fós mall, agus tá rátaí arda líonta talún, difríochtaí suntasacha ar leibhéal an chontae maidir le bailiú dramhaíola cathrach ar leithligh agus moilleanna ar chríochnú bonneagair bainistithe dramhaíola ann, agus tá úsáid ábhair chiorclaigh i bhfad faoi bhun mheán an Aontais. Cé go bhfuil feabhas á chur de réir a chéile ag an gCróit ar a creat straitéiseach agus dlíthiúil chun feabhas a chur ar bhainistiú dramhaíola agus ar an ngeilleagar ciorclach, tá an cur chun feidhme chun deiridh go fóill, agus tá tionchar diúltach aige sin ar an gcomhshaol agus ar an iomaíochas araon. Is gá feabhas a chur ar an ráta úsáide ábhair chiorclaigh chun tionchar na húsáide ábhair ar an gcomhshaol a laghdú agus neamhspleáchas straitéiseach na Cróite ar amhábhair allmhairithe a mhéadú an tráth céanna. Ba thairbheach an rud é freisin dá ndéanfadh an Chróit níos mó infheistíochta in ionaid deisithe agus athúsáide agus dá nglacfadh sí bearta, dreasachtaí nó sochair chánach chun amhábhair thánaisteacha a chomhtháthú i dtáirgí nua.

(35) I bhfianaise ról ríthábhachtach an chaipitil dhaonna maidir le hiomaíochas agus uathriail straitéiseach an Aontais a fheabhsú, mhol an Chomhairle in 2026 go ngníomhódh na Ballstáit chun aghaidh a thabhairt go práinneach ar dhúshláin struchtúracha a bhaineann le caipiteal daonna i réimse na scileanna agus i réimse an oideachais, ar dúshláin iad a chuireann bac ar an iomaíochas. Na moltaí tírshonracha atáthar a dhíriú chuig an gCróit in 2026, d'fhéadfaidís a bheith ina gcuidiú ó thaobh chur chun feidhme an Mholta ón gComhairle maidir le caipiteal daonna san Aontas.

(36) Tá treochtaí dearfacha i margadh saothair na Cróite ag leanúint ar aghaidh, cé go gcuireann dúshláin struchtúracha agus réigiúnacha leanúnacha isteach ar an iomaíochas agus ar an acmhainneacht fáis. Tuairiscítear ganntanas saothair agus scileanna ar fud go leor earnálacha. Cé go bhfuil an ráta fostaíochta níos airde ná riamh, rud a dhúnann an bhearna le meán an Aontais agus atá ag druidim le sprioc 2030 na Cróite, tá sé fós an-íseal do ghrúpaí leochaileacha amhail daoine scothaosta, oibrithe ar bheagán oiliúna, agus daoine faoi mhíchumas. Tá an bhearna fostaíochta le haghaidh daoine faoi mhíchumas ar cheann de na cinn is airde san Aontas i gcónaí freisin. Ní beag iad fós na héagothromaíochtaí réigiúnacha i ndáil le rannpháirtíocht i margadh an tsaothair. Cuireann rannpháirtíocht theoranta san fhoghlaim aosach, lasmuigh de mhórionaid uirbeacha go háirithe, srian ar scileanna atá ábhartha don mhargadh saothair agus cuireann sí le mímheaitseáil scileanna, atá fós os cionn mheán an Aontais. Tá bearta á gcur chun feidhme ag an gCróit chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais an mhargaidh saothair, agus an plean téarnaimh agus athléimneachta agus Ciste Sóisialta na hEorpa Plus ag tacú leo. Áirítear ar na bearta sin beartais ghníomhacha maidir leis an margadh saothair, cláir uas-scilithe agus athscilithe, agus athchóirithe chun oibrithe eachtracha a chomhtháthú ar bhealach níos fearr sa

mhargadh saothair. Mar sin féin, ba cheart dlús a chur leis na hiarrachtaí sin agus iad a dhéanamh níos éifeachtaí trí dhíriú níos fearr ar ghrúpaí leochaileacha, trí aghaidh a thabhairt ar bhearnaí oiliúna agus trí ailíniú na hoiliúna le riachtanais an mhargaidh saothair a áirithiú, trí rannpháirtíocht san fhoghlaim aosach a dhreasú agus trí scileanna atá ábhartha don mhargadh saothair a fheabhsú, lena n-áirítear trí churaclaim ardcháilíochta ar leibhéil éagsúla oideachais. Athchóiriú an chórais oideachais a chur chun feidhme ina iomláine, is rud é sin atá fíor-riachtanach chun rannpháirtíocht níos airde in oideachas agus cúram na luath-óige agus níos mó ama teagaisc a bhaint amach sna scoileanna, chun bhunscileanna a neartú agus bonn níos fearr a chur ar fáil le haghaidh breisoideachais agus sealbhú scileanna. Cuireann moilleanna ar chur i gcrích an bhonneagair is gá cosc ar chur chun feidhme tráthúil na samhla teagaisc lae iomláin lenar cheart uaireanta teagaisc a mhéadú agus bunscileanna a fheabhsú, agus tá meastóireacht ar dhul chun cinn an chur chun feidhme thurgnamhaigh fós in easnamh. Tá gá le hiarrachtaí leanúnacha chun sciar na múinteoirí cáilithe a mhéadú, múinteoirí oideachas agus chúram na luath-óige agus múinteoirí fisice agus ábhar eile eolaíochta, teicneolaíochta, innealtóireachta agus matamaitice (ETIM) go háirithe, chun aghaidh a thabhairt ar ghanntanais leanúnacha múinteoirí a d'fhéadfadh an bonn a bhaint de cháilíocht an oideachais, i gceantair iargúlta agus thuaithe go háirithe.

(37) D'ainneoin dul chun cinn a bheith déanta agus iarrachtaí beartais, tá dúshláin mhóra shóisialta le sárú ag an gCróit. Tá laghdú tagtha ar rátaí bochtaineachta agus neamhionannais ioncaim i gcás roinnt grúpaí, leanaí go háirithe, ach tá siad ard i gcónaí, i measc daoine scothaosta, daoine faoi mhíchumas agus iad siúd atá ina gcónaí i gceantair thuaithe go háirithe, agus tá an dul chun cinn i dtreo sprioc náisiúnta 2030 maidir leis an mbochtaineacht a laghdú mall. Tá tionchar na n-aistrithe sóisialta, gan pinsin a áireamh, ar laghdú na bochtaineachta i measc na dtionchar is laige san Aontas, agus tá teorainn fós le leordhóthanacht agus cumhdach scéimeanna ioncaim íosta agus sochar dífhostaíochta. Leis na leasuithe a rinneadh le déanaí ar an acht pinsin, lena n-áirítear foirmle innéacsaithe níos fabhraí, tabhairt isteach forlíonta pinsin bhliantúil, méaduithe ar an bpinsean íosta agus sochair le haghaidh saol oibre níos faide, ba cheart go rannchuideofaí le leordhóthanacht pinsean a fheabhsú. Ní leor fós an rochtain ar chúram fadtéarmach, agus rochtain theoranta ann ar chúram bailebhunaithe agus pobalbhunaithe i gcoibhneas leis an éileamh atá ag dul i méid, costais arda neamh-in-aisíoctha, agus riachtanais chúraim gan chomhlíonadh i measc daoine scothaosta atá i measc na rátaí is airde san Aontas. Cuireann sé sin ualaí díréireacha cúraim ar chúramóirí neamhfhoirmiúla, ar mhná go háirithe, rud a laghdaíonn a rannpháirtíocht sa mhargadh saothair. Dá dtabharfaí aghaidh ar na dúshláin sin, rannchuideofaí leis an gcóineasú sóisialta aníos.

(38) Tá iarrachtaí ar siúl go fóill chun aghaidh a thabhairt ar inbhuanaitheacht, infhaighteacht agus cáilíocht an chúraim sláinte, ach tá siad fós mall chun torthaí sláinte feabhsaithe a bhaint amach agus d'fhéadfaí iad a dhíriú níos fearr, agus is teoranta an aird atá tugtha ar an gcosc. Tá dáileadh míchothrom oibrithe sláinte fós ina bhacainn mhór ar rochtain ar chúram sláinte ar oileáin, i gceantair iargúlta agus i gceantair thuaithe. Chun aghaidh a thabhairt ar ghanntanais luchta saothair, is gá líon na n-oibrithe cúraim sláinte a mhéadú agus feabhas a chur ar oiliúint, earcaíocht agus coinneáil, agus aird ar leith á tabhairt ar éagothromaíochtaí geografacha. Cé go bhfuil ríomhsheirbhísí sláinte á neartú, tá an sciar den daonra a úsáideann ríomhsheirbhísí sláinte ar na sciartha is ísle san Aontas i gcónaí. Níl ach laghdú beag tagtha ar an mbásmhaireacht inchoiscthe le 10 mbliana anuas agus tá gá le bearta atá spriocdhírithe ar bhealach níos fearr maidir le príomhthosca riosca iompraíochta, agus comhordú

feabhsaithe ar fud an riaracháin phoiblí lasmuigh den earnáil sláinte, chun tús galar a chosc nó a mhoilliú.

(39) Is ábhar imní fós í inacmhainneacht tithíochta sa Chróit. Tá srian ar an soláthar mar gheall ar sciar ard teaghaisí folmha agus cíosanna gearrthéarmacha, sna príomhchathracha agus sna limistéir chósta go háirithe, agus tá méaduithe ar phraghsanna ag teacht den chuid is mó le fás ioncaim, rud a chuireann bac ar an inacmhainneacht. Tá Plean Náisiúnta um Beartas Tithíochta go dtí 2030 glactha ag an gCróit agus tá cuid de bhearta an Phlean curtha chun feidhme aici cheana féin, lena n-áirítear athchóirithe ar cháin tithíochta, ach tá gá le tuilleadh athchóirithe chun feabhas a chur ar an margadh tithíochta agus chun an inacmhainneacht a mhéadú. Dá gcuirfí an Plean um Beartas Tithíochta chun feidhme go héifeachtach agus go comhordaithe, bearta atá ábhartha go háitiúil chun an soláthar tithíochta a neartú i limistéir ardéilimh agus chun teaghaisí folmha a ghníomhachtú go háirithe, chuirfí feabhas ar thithíocht inacmhainne. Níl creat faireacháin ar an leibhéal náisiúnta ag an gCróit ach oiread le haghaidh tithíocht shóisialta, tithíocht atá díláraithe agus a bhainistítear ar an leibhéal áitiúil. Cé gur maith is féidir na húdaráis áitiúla riachtanais áitiúla tithíochta sóisialta a chinneadh, le creat faireacháin náisiúnta léireofaí ar bhealach níos fearr dúshláin tithíochta do ghrúpaí leochaileacha ar fud na tíre agus chuirfí bonn eolais faoi ghníomhaíocht bheartais iomchuí maidir le tithíocht inacmhainne agus shóisialta.

(40) I bhfianaise na ndlúth-idirnasc idir geilleagair Bhallstáit an limistéir euro, agus a rannchuidithe chomhchoitinn le feidhmiú an aontais eacnamaíoch agus airgeadais, in 2026 mhol an Chomhairle go ngníomhódh Ballstáit an limistéir euro, trína bpleananna téarnaimh agus athléimneachta i measc rudaí eile, chun Moladh 2026 maidir le beartas eacnamaíoch an limistéir euro a chur chun feidhme. I gcás na Cróite, cuidíonn moladh (1) le cur chun feidhme an chéad mholta, an dara moladh agus an tríú moladh maidir leis an limistéar euro, cuidíonn moladh (2) le cur chun feidhme an cheathrú moladh maidir leis an limistéar euro, cuidíonn moladh (3) le cur chun feidhme an seachtú moladh, an naoú moladh agus an deichiú moladh maidir leis an limistéar euro, cuidíonn moladh (4) le cur chun feidhme an seachtú moladh maidir leis an limistéar euro agus cuidíonn moladh (5) le cur chun feidhme an chúigiú moladh maidir leis an limistéar euro.

AG MOLADH LEIS SEO go ngníomhódh an Chróit in 2026 agus in 2027 chun an méid seo a leanas a dhéanamh:

1. I bhfianaise an diallta ábhartha a thaifead an Coimisiún faoi 2025 agus an diallta ábhartha atá réamh-mheasta aige do 2026 i leith na huasteorann glanchaiteachais a mholtar, gníomhú chun an glanchaiteachas a rialú chun go n-urramófar leis na huasrátaí fáis a mhol an Chomhairle an 21 Eanáir 2025, agus úsáid á baint an tráth céanna as an tsolúbthacht faoin gclásal éalaithe náisiúnta le haghaidh caiteachas níos airde ar an gcosaint. Caiteachas agus ullmhacht i réimse na cosanta a threisiú agus éifeachtúlacht caiteachais a áirithiú an tráth céanna, agus an buiséad a oiriúnú de réir a chéile chun caiteachas cosanta atá níos airde ó thaobh struchtúir de a chothú. A áirithiú gur beart sealadach a bheidh in aon bheart a dhéanfar chun tionchar an ardaithe ar phraghsanna fuinnimh a eascraíonn as an ngéarchéim a mhaolú, agus gur beart é atá dírithe ar theaghlaigh leochaileacha a chosaint nó ar aghaidh a thabhairt ar riachtanais gnólachtaí dianfhuinnimh, dreasachtaí le haghaidh coigilteas fuinnimh a chaomhnú agus a áirithiú go mbeidh a gcostas fioscach comhoiriúnach do na gealltanais faoi chreat fioscach an Aontais. Feabhas a chur ar éifeachtúlacht an chaiteachais phoiblí trí ról na n-athbhreithnithe tráthrialta ar chaiteachas a neartú

agus iad a chomhtháthú sa chreat buiséadach. Athbhreithniú a dhéanamh ar éifeachtacht caiteachas cánach. Leanúint den athchóiriú ar chánachas maoine athfhillteach a chur chun cinn tríd an mbonneagar riaracháin is gá a thabhairt chun críche agus trí chóras luachbhunaithe a thabhairt isteach.

2. Leanúnachas na n-athchóirithe agus na n-infheistíochtaí a chuirtear chun feidhme faoin tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta a áirithiú. An dlús cur chun feidhme a choinneáil ar bun faoi chláir an bheartais comhtháthaithe, rud arbh é an dúshraith a bheadh faoi, i gcásanna inarbh iomchuí, ath-leithdháileadh tosaíochtaí straitéiseacha agus solúbthachtaí san athbhreithniú meántéarma ar an gcreat beartais comhtháthaithe.

3. Comhdhlúthú, comhoibriú agus, i gcás inarb ábhartha, cumaisc institiúidí taighde poiblí agus ollscoileanna poiblí a chur chun cinn. Infheistíochtaí, comhordú agus rialachas T&N a chothú, agus éagothromaíochtaí réigiúnacha á gcur san áireamh an tráth céanna. Leanúint d'fheabhas a chur ar an rochtain ar mhaoiniú éagsúil agus margaí caipitil a dhoimhniú trí rannpháirtíocht infheisteoirí miondíola agus institiúideacha a éascú a thuilleadh, caipiteal fiontair a leathnú, aghaidh a thabhairt ar bhacainní liostaithe, agus rialachas corparáideach a neartú. Rialáil a shimpliú agus an t-ualach riaracháin a laghdú trí chomhordú níos fearr ar fud leibhéil rialtais agus trí chomhtháthú uirlisí digiteacha, agus ceadú a chuíchóiriú chun tacú leis an aistriú tionsclaíoch glan. Feidhmeanna riaracháin phoiblí ar an leibhéal áitiúil agus/nó bardais a chumasc agus bainistiú acmhainní daonna a fheabhsú. Éifeachtúlacht an chórais ceartais a fheabhsú a thuilleadh. Dlús a chur le cur in úsáid leathanbhanda i gceantair nach ndéantar freastal ceart orthu, go háirithe ceantair thuaithe agus oileáin.

4. Dlús a chur le cur in úsáid fuinnimh in-athnuaite chun praghsanna mórdhíola leictreachais a ísliú trí eangacha leictreachais a uasghrádú agus trí infheistíocht a dhéanamh i stóráil leictreachais. Rolladh amach méadar cliste a chur chun cinn agus conarthaí dinimiciúla a chur chun cinn. Nósanna imeachta ceadaithe agus nasctha eangaí a chuíchóiriú le haghaidh foinsí in-fuinnimh athnuaite agus pobail fuinnimh. Dlús a chur le bearta éifeachtúlachta fuinnimh agus réitigh éifeachtúla ghlasa a chur chun cinn maidir le téamh agus fuarú. Iompar uirbeach inbhuanaithe, iarnród agus leictriú an iompair de bhóthar a chur chun cinn. Deireadh a chur de réir a chéile le fóirdheontais breoslaí iontaise, go háirithe in earnáil an iompair. Aghaidh a thabhairt ar an riosca ó ghuaiseacha nádúrtha trí rialachas a fheabhsú, infheistíocht a dhéanamh in athléimneacht in aghaidh an athraithe aeráide, agus dreasachtaí a chruthú le haghaidh árachas riosca aeráide. An geilleagar ciorclach a chothú a thuilleadh.

5. Ganntanais saothair agus scileanna a laghdú trí dheireadh a chur le bacainní ar rannpháirtíocht sa lucht saothair, tríd an oideachas a neartú ar gach leibhéal, go háirithe maidir le bunscileanna agus scileanna ETIM, agus trí dhóthain múinteoirí cáilithe a áirithiú. Uas-sciliú agus athsciliú a neartú agus foghlaim obairbhunaithe a fheabhsú. Beartais ghníomhacha maidir leis an margadh saothair a dhíriú níos fearr ar ghrúpaí leochaileacha, agus iarrachtaí a neartú chun tallann a mhealladh, a fhorbairt agus a choinneáil. An bhochtaineacht agus neamhionannas ioncaim a laghdú trí mhéadú a dhéanamh ar leordhóthanacht sochar sóisialta, agus inbhuanaitheacht fhioscach á coinneáil ar bun an tráth céanna trí spriocdhíriú níos fearr. Feabhas a chur ar an rochtain ar chúram fadtéarmach foirmiúil bailebhunaithe agus pobalbhunaithe. Cothromaíocht a bhaint amach idir dáileadh geografach oibrithe agus saoráidí sláinte, infheistíocht a dhéanamh sa ríomhshláinte, agus an

cosc a neartú. An soláthar tithíochta a mhéadú i limistéir ardéilimh agus feabhas a chur ar an bhfaireachán a dhéantar ar thithíocht inacmhainne agus shóisialta.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*